






# RANNÁN NA SEIRBHÍSÍ CULTÚRTHA 2017

COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA nGALL

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

2017.
Dearadh ag Manna Design, www.mannadesign.net
Folisithe ag Seirbhísi Cultúrtha Comhairle Chontae Dhún na nGall
Lána Chnocán na Rós, Leitir Ceanainn, Chontae Dhún na nGall, F92 KP90.
T: +353 74 915 3900

Aithníonn Seirbhísi Cultúrtha Comhairle Chontae Dhún na nGall nach bhféadfaí na tionscniamh agus na cláir, ar a bhfuil cur síos déanta orthu san fhoilseachán seo, a churs i gcrích gan an tacaíocht fíorluachmhar a fhaightear óna bhfoireann, óna maoinitheoirí agus óna neagraíochtaí comhpháirtithe.

# An Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 5 |
| Clár Éire Ildánach | 6 |
| Seirbhís Leabharlainne | 9 |
| Seirbhís Ealaíon | 19 |
| Ionad Cultúrtha Réigiúnach | 37 |
| Seirbhís Mhúsaem | 45 |
| Seirbhís Cartlainne | 51 |
| Oifig Oidhreachta | 58 |
| Clár Céad Bliain Éire 1916:2016 | 64 |
| Acrainmneacha | 66 |



Libraries
Leabharlanna



Regional Cultural Centre
Lárionad Cultúrtha Réigiúnach



Museum
Músaem



Heritage
Oidhreacht





Arts
Ealaíon




Public Art
Ealaín Phoiblí



Archives
Cartlann

074 91 53900
www.donegalcoco.ie/culture
www.donegallibrary.ie

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council



# Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag an Roinn Seirbhísí Cultúrtha, mar atá leagtha amach i *gCultúr : Fís Straitéiseach Sheirbhísí Cultúrtha 2016 – 2020*, ná an saol a shaibhriú, mothú ionannais a fheabhsú, deiseanna cultúrtha agus sóisialta a mhéadú agus ár n-oidhreacht chultúrtha a chaomhnú do na glúnta atá ann anois agus a bheas ann sa todhchaí trí forbairt a dhéanamh ar na seirbhísí Leabharlainne, na nEalaíon, an Músaeim, na Cartlainne agus na hOidhreachta.

Aithníonn Comhairle Chontae Dhún na nGall go gcruthaíonn cultúr fiúntas sochaíoch inbhraite, go gcuireann sé deabhail chun cinn agus gcuireann sé ar fáil fiúntas dearfach eacnamaíoch, idir díreach agus neamhdhíreach.

Tá Seirbhísí Cultúrtha ina réimse tábhachtach oibre do Chomhairle Contae Dhún na nGall agus táimid bródúil go bhfuil Rannóg tiomnaithe buan againn chun seachadadh agus treorú a dhéanamh sa réimse seo.

Tá lúcháir mhór orainn Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cultúrtha 2016 a chur i láthair, roghbhlúire ar réimse leathan de ghníomaíochtaí saibhre a cuireadh ar fáil le linn na bliana, go mór mór díobh siúd ná, dúnadh foirmeálta an Chláir Comórtha1916 agus seoladh an *Plean Cultúir is Chruthaitheachta 2017* i gcomhthéacs an Chláir Éire Ildánach.

*Joe Peoples, Stiúrthóir*
*Eileen Burgess, Bainisteoir na Roinne*

# Clár Éire Ildánach

**Is clár cultúrtha é Éire Ildánach a bunaíodh chun folláine an duine aonair, an phobail agus na tíre a chur chun cinn. Tá na príomhluachanna a aithníodh i gCultúr 2025/Éire Ildánach ina mbonn taca aige.**

**Tá Údaráis Áitiúla páirteach i gcur i ngníomh gach ceann de 5 cholún an chláir agus is iad a bheidh ag treorú Cholún 2:**

1. Scód a ligean le cumas na cruthaitheachta i ngach leanbh
2. Bonn a chur faoin chruthaitheacht i ngach pobal
3. Infheistíocht in infreastruchtúr na cruthaitheachta agus an chultúir
4. Éire mar lárionad barr feabhais maidir le léiriúchán na meán cruthaitheachta
5. Clú na hÉireann ar fud an domhain a thabhairt le chéile

D'fhreastail a lán daoine ar an cheardlann phoiblí a reáchtáladh ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach i mí Aibreáin chun an clár a chur i láthair agus chun bonn eolais a chur faoi phlean gníomhaíochta Éire Ildánach Dhún na nGall 2017, a seoladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine in éineacht le gach plean áitiúil eile. Aon imeacht amháin a roghnaigh an Taoiseach as na pleananna go léir, a raibh 31 díobh ann, agus tugadh aitheantas dá shármhaith a léirigh plean Dhún na nGall cuspóirí agus éiteas Éire Ildánach nuair arbh é Wainfest, Féile Ealaíon agus Leabhar Dhún na nGall do Leanaí, an t-aon imeacht amháin a ndearnadh trácht ar leith air. Rinneadh leathnú mór ar chlár Wainfest na bliana 2017 de bharr na tacaíochta ó Éire Ildánach agus cuireadh roinnt tionscadal eile i gcrích freisin de bharr an tionscnaimh.

Rinne Foireann Cultúir áitiúil Éire Ildánach comhordú ar chlár na bliana 2017 agus ar fhorbairt na Straitéise Cultúir agus Cruthaitheachta freisin. Ar an fhoireann sin tá an Leabharlannaí Contae/Bainisteoir Rannóg na Seirbhísí Cultúrtha, Leabharlannaithe Feidhmiúcháin Sinsearacha, an tOifigeach Ealaíon, Stiúrthóir an Ionaid Cultúir Réigiúnaigh, Coimeádaí an Mhúsaeim, an Cartlannaí, agus an tOifigeach Oidhreachta, agus tá gach duine acu ina mbaill de Rannóg Seirbhísí Cultúrtha na Comhairle. Tá Ceann na hOifige Fiontair Áitiúil (OFA), a thacaíonn le fiontraithe cruthaitheacha agus a bhainistíonn Tionscadal an Diaspóra, ar an Fhoireann. Ina






dteannta siúd, tá áit ag Oifig Scannánaíochta na Comhairle, ag Oifigeach Forbartha na Gaeilge agus ag an Oifigeach Caomhantais ar an Fhoireann Cultúir, a bhfuil an Stiúrthóir Seirbhíse Joe Peoples i gceannas uirthi.

Seoladh an plean náisiúnta Óige Cruthaithí i mí na Nollag. Clúdaíonn sé Colún 1 agus leagtar amach ann cur chuige úrnua, cruthaitheach maidir le hoideachas agus foghlaim. Cuirfear an plean i bhfeidhm i gcomhar le roinnt Ranna Rialtais agus le húdaráis áitiúla.

Thairis sin, cuireadh mórchomhairliúchán poiblí ar bun i nDún na nGall i mí Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair chun bonn eolais a chur faoi phlean cúig bliana Dhún na nGall. Reáchtáladh cruinnithe i ngach ceann de na cúig Cheantar Bhardasacha. Ullmhaíodh suirbhéanna ar líne agus cinn chruachóipe agus fuarthas a lán aiseolas cuiditheach agus an-chuid moltaí nuálacha. Mheas an Fhoireann Cultúir na haighneachtaí agus aithníodh cúig thosaíocht straitéiseacha, a raibh bearta le cur i gcrích leagtha amach fúthu. Ceadaíodh an dréachtdoiciméad ag cruinniú an Choiste Beartais Straitéisigh i mí na Samhna agus cuirfear faoi bhráid oifig Éire Ildánach é tar éis do Chomhairle Contae Dhún na nGall é a ghlacadh.

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022

*Sarah Keaveney agus Michael O'Reilly ó Fhoireann Éire Ildánach leis an Chathaoirleach, an Clr Terence Slowey ag ceardlann Chlár Éire Ildánach a tionóladh san Ionad Cultúrtha Réigiúnach i Leitir Ceanainn ar an 3 Aibreán 2017.*
Grianghraf: Paul McGuckin




*"Cothaíonn leabharlanna poiblí na hÉireann comhtháthú pobail agus folláine, fás eacnamaíoch agus féiniúlacht chultúrtha. Feabhsaíonn siad féinmheas agus féinmhuinín na ndaoine."*

**Deiseanna do Chách: Straitéis do na leabharlanna poiblí 2013 – 2017**

*Little John Nee agus a cheolfhoireann, an Highly Strung Orchestra, ag seinm ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach i rith na féile Wainfest*
Grianghraf: Paul McGuckin





# Seirbhís Leabharlainne

Tá Seirbhís Leabharlainne Chontae Dhún na nGall ina cuid de líonra 333 leabharlann ar fud na tíre, trí líonra Leabharlanna Éireann (*Libraries Ireland*). Ina measc siúd atá i líonra Dhún na nGall tá 8 leabharlann phobail i mBealach Féich/Sraith an Urláir, Bun Cranncha, Bun Dobhráin, Carn Domhnach, Gaoth Dobhair, Leifear, Baile na nGallóglach agus na Rosa, agus 4 leabharlann bhrainse i mBéal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, Bun an Phobail agus Ráth Bhoth, mar aon leis an Phríomhleabharlann i Leitir Ceanainn. Tá pointí for-rochtana pobail de chuid an tionscnaimh *Taobh Tíre* agus Leabharlann Taistil Trasteorann sa líonra freisin. Ach a bheith i do bhall den leabharlann áitiúil i nDún na nGall, bíonn rochtain agat ar níos mó ná 15 mhilliún mír stoic chomh maith le bailiúchán náisiúnta ríomhleabhar agus ríomh-chlosleabhar, nuachtáin ar líne, irisí, acmhainní agus cúrsaí teanga, agus ábhar tagartha ar líne. Tá sonraí na seirbhísí leabharlainne go léir ar líne ag www.donegallibrary.ie.

## Físeán faoi na Leabharlanna

Mheas an tSeirbhís Leabharlainne gur ghá físeán cuimsitheach, de dhearadh gairmiúil, a chur le chéile chun a chur ar a súile do dhaoine gur áiteanna beoga, gnóthacha iad leabharlanna Dhún na nGall, a chuireann an t-oideachas agus an cultúr chun cinn agus a fheidhmíonn mar a bheadh moil phobail ann. Rinneadh físeán trí nóiméad a choimisiúnú agus seoladh é in dhá leabharlann ag an am céanna i mí Lúnasa: is é an Comhairleoir Jimmy Kavanagh a bhí i bhfeighil an imeachta sa Phríomhleabharlann agus is é an Comhairleoir Mícheál Cholm Mac Giolla Easbuig a rinne an seoladh i Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair. Is é *Transform, Enrich and Inspire* is teideal don fhíseán, agus féadfar féachaint air ar láithreán gréasáin na leabharlainne, www.donegallibrary.ie.

## Night Night North West

I mí na Samhna, chuaigh an tSeirbhís Leabharlainne i gcomhpháirtíocht le Real Films, cuideachta teilifíse, scannán agus raidió i nDún na nGall, agus le Highland Radio, chun dul ag obair ar an tsraith clár raidió, *Night Night North West*. Tugadh cuireadh do leanaí scoile teacht chuig naoi leabharlann ar fud an Chontae áit ar éist siad scéalta áille as traidisiún miotaseolaíochta agus finscéalaíochta na hÉireann, á léamh ag aoi-scéalaí. Rinneadh taifead ar na seisiúin scéalaíochta agus déanfar iad a chraoladh mar shraith sheachtainiúil ar Highland Radio go luath in 2018. Beartaíodh an tsraith a dhéanamh chun daoine a chur ar an eolas faoi litríocht na hÉireann ar bhealach séimh, neamhfhoirmiúil agus an deis a thabhairt dóibh siúd a bhí i láthair agus don lucht éisteachta sa bhaile blaiseadh den litríocht sin a fháil. Bhí áthas ar an tSeirbhís Leabharlainne go raibh Laureate na nÓg, PJ Lynch, ar dhuine de na haoi-léitheoirí.




*Eileen Burgess, Bainisteoir Rannóg na Seirbhísí Cultúrtha, an Clr Micheál Naughton agus an Clr Jimmy Kavanagh ag an ócáid ag ar seoladh físeán bolscaireachta na leabharlainne*
Grianghraf: Paul McGuckin



*Laureate na nÓg, PJ Lynch, ag taifeadadh na seisiún Night Night North West*
Grianghraf: Paul McGuckin

## Nochtadh déanta ar Chathaoir Scéalaíochta Bhealach Féich/Shrath an Urláir

Reáchtáladh lá oscailte ar an 17 Samhain lena cheiliúradh go bhfuil Leabharlann Phobail nua oscailte i mBealach Féich/Sraith an Urláir. Mar chuid d'imeachtaí an lae, nocht an Comhairleoir Martin Harley an chathaoir scéalaíochta nua. Is é Alan Hanafin, déantóir troscáin atá ag obair i gCiarraí, a dhear agus a rinne an chathaoir, agus fuair sé a spreagadh ón leabhar *Granny's Wonderful Chair*, le Frances Browne a rugadh i Srath an Urláir. Is píosa troscáin ar leith í an chathaoir agus is mór againn í a bheith sa leabharlann. Áit gheal, ildaite is ea an leabharlann féin, a bhfuil cuma na fáilte uirthi, agus tá breis is 12,000 cuairt tugtha uirthi ó osclaíodh í in Ionad Fiontraíochta an BASE i mí an Mheithimh 2016.  Tá 4,845 duine cláraithe leis an leabharlann agus cláraíonn tuilleadh daoine léi gach seachtain, chun leas a bhaint as an bhailiúchán thart ar 10,000 mír atá inti, a mbítear ag cur leis i gcónaí.




*An Chathaoir Scéalaíochta i Leabharlann Phobail Bhealach Féich/Shrath an Urláir á nochtadh*
Grianghraf: Paul McGuckin

## Seirbhísí TFC


Le linn mhí an Mhárta 2017 leathnaigh an tSeirbhís Leabharlainne a líonra bothanna féinseirbhíse RFID (aitheantas radaimhinicíochta) chuig Leabharlann Phobail Bhealach Féich/Shrath an Urláir agus Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin. Bhí bothanna RFID suiteáilte cheana féin sa Phríomhleabharlann agus i Leabharlann Phobail Bhun Cranncha. Tá na bothanna RFID sin tarraingteach agus is furasta iad a úsáid, rud a fhágann gur féidir le baill na leabharlainne a gcuid míreanna féin a fháil ar iasacht ón leabharlann agus a thabhairt ar ais go héasca. Ina theannta sin, fágann an córas RFID go bhfuil roghanna níos simplí ann chun stoc na leabharlainne a bhainistiú.

I rith an tsamhraidh 2017, cuireadh clibeanna RFID ar gach mír stoic sna leabharlanna i nDún na nGall – thart ar 143,000 mír – le cabhair ó dheontas ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. De bharr na clibeála sin, féadfar an stoc ar fad a sheoladh feadh an líonra ar fud na tíre.

Agus muid ag teannadh le deireadh 2017, d'fhógair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú do leabharlanna chun tacú le tionscnaimh ar cuireadh tús leo faoin straitéis reatha, *Deiseanna do Chách*, agus rinneadh soláthar an tráth céanna d'fhorbairt agus cur chun cinn na dtionscnamh sin faoin straitéis nua, *Leabharlanna Éireann 2018 – 2022*. A bhuí leis an mhaoiniú sin, bhíothas in ann coinneáil le cur i bhfeidhm na féinseirbhíse sna leabharlanna poiblí agus na cláir Right to Read agus Work Matters a chur chun feidhme freisin. Rinne Seirbhís Leabharlainne Chontae Dhún na nGall iarratas ar mhaoiniú i gcomhair 11 bhoth féinseirbhíse RFID agus 11 gheata slándála RFID dá cuid leabharlann faoin chlár maoinithe sin agus deonaíodh di é. Fuarthas maoiniú freisin i gcomhair roinnt malaí scéalta chun tacú le cur i bhfeidhm an chláir Right to Read agus i gcomhar cairréal agus ábhar bolscaireachta chun tacú leis an chlár Work Matters i gcúig leabharlann.

## Right to Read

Faoin chlár Right to Read, tugtar le chéile údaráis áitiúla agus comhlachtaí áitiúla a bhíonn ag tacú le forbairt na léitheoireachta agus na litearthachta sa cheantar áitiúil ar mhaithe le cur chuige caighdeánach, atá comhordaithe agus inbhuanaithe, a ghlacadh maidir leis na seirbhísí sin a sholáthar sa phobal, agus ar fud na tíre. Le linn 2017, bhí Right to Read dírithe ar thacaíocht do leanaí agus do theaghlaigh. D'ullmhaigh an tSeirbhís Leabharlainne Plean Gníomhaíochta Right to Read do Dhún na nGall, agus cuireadh chun feidhme é le linn 2017. I measc na mbuaicphointí bhí seisiúin Spring into Storytime i mí Aibreáin, clár léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh i rith an tsamhraidh agus Wainfest i mí Dheireadh Fómhair. I measc na dtionscadal le comhpháirtithe eile sa líonra bhí Bookworm Babies agus Creating Lifelong Readers, chomh maith le cláir a reáchtáladh i gcomhair le scoileanna sa cheantar, ar nós Battle of the Books agus Bite Size Books.



## Spring into Storytime

Ghlac leabharlanna i nDún na nGall páirt sa chéad tionscnamh náisiúnta ama scéalaíochta i rith mhí Aibreáin. Tá Spring into Storytime ina chuid den Fheachtas Right to Read agus is é is aidhm leis ná ceiliúradh a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le teaghlaigh a bheith ag léamh le chéile agus scéalta a bheith á gcomhroinnt acu. Cuireadh 13 sheisiún ar bun in 12 leabharlann i nDún na nGall ag ar bhain 330 leanbh agus 56 duine fásta sult as scéalta, rannta agus gníomhaíochtaí ealaíne. Fuarthas aiseolas an-dearfach faoin chlár sin ón phobal agus ó fhoireann na leabharlann.



*Cailín óg agus í sáite sna scéalta le linn na seisiún Spring into Storytime*
Grianghraf: Paul McGuckin

# Eachtra Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh

Is clár spreagúil léitheoireachta é Réaltaí an tSamhraidh atá ar fáil saor in aisce do leanaí ar fud na tíre i rith an tsamhraidh. Tugadh cárta léitheoireachta do gach leanbh chun an dul chun cinn a rinne siad a thaifeadadh agus a rianú. Tugadh luachanna saothair agus dreasachtaí dóibh agus iad ar an bhóthar léitheoireachta agus reáchtáladh imeacht clabhsúir i ngach leabharlann. Sular cuireadh tús leis an chlár, thug foireann na leabharlann cuairt ar bhunscoileanna sa cheantar chun aird a dhíriú air. Chláraigh 2,300 leanbh i gcomhair na heachtra léitheoireachta i nDún na nGall. Chuir na leabharlanna imeachtaí éagsúla ar bun faoin chlár i rith an tsamhraidh. Ina measc siúd bhí tráth na gceist, ceardlanna Lego, ranganna ina ndearnadh deochanna draíochta ó na leabhair Harry Potter, tóraíochtaí taisce, cuairteanna ó ghaiscígh an cheantair, scéalaíocht agus gníomhaíochtaí ealaíon agus ceardaíochta.



*Leanaí ag baint spraoi as Eachtra Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh*
Grianghraf: Leabharlann Chontae Dhún na nGall



*Rang faoi dheochanna draíochta Harry Potter le linn ghníomhaíochtaí an tsamhraidh*
Grianghraf: Leabharlann Chontae Dhún na nGall





## Féile Ealaíon agus Leabhar Wainfest do Leanaí

D'éirigh go geal amach is amach leis an Fhéile Wainfest a reáchtáil Leabharlanna, an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, an Músaem Contae agus ionaid chultúrtha eile ar fud an chontae i mbliana. Ba é téama na féile i mbliana *Unleash the Magic* agus is cinnte gur scaoileadh amach an draíocht i bhfianaise líon na daoine a d'fhreastail ar na himeachtaí a bheith dúbailte i gcomparáid leis an bhliain roimhe sin – díreach os cionn 7,100 duine a d'fhreastail ar an Fhéile i mbliana. Sheol an Cathaoirleach, an Clr Gerry McMonagle, an fhéile ar an 22 Meán Fómhair i gCaisleán Dhún na nGall i gcuideachta aoi speisialta, an t-údar Shane Hegarty a bhíonn ag scríobh leabhair leanaí. Bhí an fhéile ar siúl ar feadh ocht lá ón 7 – 15 Deireadh Fómhair agus cuireadh 119 imeacht ar siúl in 34 ionad ar fud an chontae. Le cabhair ónár gcomhpháirtithe, leathnaíodh an clár i mbliana ionas go raibh 31 imeacht teaghlaigh san áireamh ann. Bhí an fhéile cuimsithe faoi Chlár Éire Ildánach 2017, agus ba chun a leasa é sin. I measc na mbuaicphointí móra a bhí ag Wainfest in 2017, cuireadh an fhéile ar an ghearrliosta do Dhámhachtainí Chambers Ireland um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil, sa chatagóir don tSeirbhís Leabharlainne is Fearr.




*An t-údar Jim Smith ag labhairt le leanaí le linn na féile Wainfest*
Grianghraf: Paul McGuckin

## Read DL


Tionscnamh léitheoireachta is ea *Read DL* a tháinig ó *Read LK* (Leitir Ceanainn), agus a fuair spreagadh ó na tionscadail *Leabhar Amháin, Pobal Amháin* ar éirigh go geal leo ar fud an domhain. Is é is cuspóir don tionscadal ná leabhar le húdar áirithe a bheith á léamh ag an oiread daoine is féidir ag an am céanna, rud a chothóidh meon pobail agus a chuirfidh an litearthacht chun cinn. Ba é an leabhar *The Breadwinner* le Deborah Ellis, údar agus gníomhaí ó Cheanada, a roghnaíodh i gcomhair na bliana 2017. Tá *The Breadwinner* faoi theaghlach amháin a tháinig slán agus iad faoi riail na dTalabanach san Afganastáin. Spreagadh na grúpaí agus na scoileanna a ghlac páirt ann chun cuid de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, nó iad go léir: an leabhar a léamh sa scoil agus sa bhaile, aoi-léitheoirí nár fógraíodh roimh ré a bheith i láthair sna ranganna scoile, comórtais scríbhneoireachta bunaithe ar an leabhar, a gcuid gníomhaíochtaí a phostáil ar an leathanach Facebook Read DL agus aoichainteoirí a bheith i láthair chun ábhar an leabhair a phlé. Dáileadh 1,700 leabhar ar 50 scoil in 2017. Ba iad na gníomhaireachtaí a ghlac páirt sa tionscadal: Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, FSS, Parentstop, CCS/TBSP, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, agus an tSeirbhís Leabharlainne.

## Seachtain na Gaeilge

Is é an Cathaoirleach, an Clr Terence Slowey a sheol Seachtain na Gaeilge. Ag obair di leis an Oifigeach Gaeilge agus le Comhairle Contae Dhún na nGall, chuir Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall réimse leathan imeachtaí ar bun i rith fhéile na bliana seo a bhí ar siúl ón 1 – 17 Márta, agus bhí 51 imeacht ar bun sna leabharlanna.

## Bealtaine

Féile bhliantúil is ea Bealtaine a dhéanann an chruthaitheacht i measc daoine scothaosta a cheiliúradh agus a chothú le linn mhí na Bealtaine, agus tá sí ar cheann de bhuaicphointí fhéilire na Seirbhísí Cultúrtha. Ba é téama na féile Bealtaine do 2017 ná *Altogether Now*! *Collectivism, civic engagement and protest!* Bhí Féile na Bealtaine ar bun le 20 bliain i nDún na nGall faoi 2017 agus seoladh an fhéile san Ionad Cultúrtha Réigiúnach le siamsaíocht ó Gay McIntyre, arb as Doire dó, ar an altsacsafón agus ar an chlairinéad, i gcuideachta seanchara leis, John Trotter, ar an trombón, an veidhlín agus an cairdín, agus é ag canadh freisin. I measc na n-imeachtaí bhí taispeántais, scéalaíocht, fíodóireacht, caoladóireacht, sábháilteacht sa bhaile, scríbhneoireacht chruthaitheach, ranganna ríomhaireachta, cróise, ióga ar an chathaoir, ceol agus amhránaíocht. I measc lucht siamsaíochta an cheantair bhí Fergus Cleary, Mary McGranaghan, Sally McMenamin, Patsy Cavanagh agus a lán daoine eile.







## Seachtain na hEolaíochta

Ghlac an tSeirbhís Leabharlainne páirt i Seachtain na hEolaíochta arís ó 12 – 19 Samhain. Reáchtáladh tríocha imeacht ar fud an chontae, ar ar fhreastail 650 leanbh agus 110 duine fásta. I measc na n-imeachtaí sin bhí ceardlanna a thug an Dr Trish Murphy, Abbott Ireland agus Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann.  Reáchtáladh comórtais Lego i gcúig leabharlann, conairí matamaitice i gceithre leabharlann agus cuireadh ar bun oíche eolais Coder Dojo i Leabharlann Phobail Charn Domhnach mar chuid de Chlár Éire Ildánach.

## Ionad Faisnéise Europe Direct

Tá an tIonad Europe Direct lonnaithe sa Phríomhleabharlann i Leitir Ceanainn agus tá ionad satailíte i Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair ina soláthraítear seirbhísí don Ghaeltacht. Le linn 2017, bhí os cionn 8,200 babhta teagmhála pearsanta idir na hionaid sin agus saoránaigh AE ó Dhún na nGall faoi ábhair lena n-áirítear an Breatimeacht, iascaigh agus cearta agus coinníollacha oibre i measc eile. Ina theannta sin, d'fhreagair an t-ionad 700 ceist a bhaineann leis an Aontas Eorpach ar an ríomhphost agus ar an teileafón. D'eagraigh an tIonad 32 imeacht a bhain le téama an Aontais Eorpaigh in 2017, faoi ábhair amhail Coder Dojo, stair an Aontais Eorpaigh, feasacht ar Gháinneáil ar Dhaoine, agus deiseanna Erasmus+ do scoláirí chun dul ag staidéar san Eoraip.

*Ball óg ag baint sult as na ceardlanna Lego*
Grianghraf: Leabharlann Chontae Dhún na nGall

*Buaiteoir an chomórtais díospóireachta faoi 18, Laura Diver.*
Grianghraf: Paul McGuckin



*Chuir Breandán de Gallaí, damhsóir agus cóiréagrafaí arb as Gaoth Dobhair dó, agus a chomhlacht damhsa Ériú i láthair an chéad léiriú den seó nua 'Aon' dá gcuid in Amharclann Ghaoth Dobhair i mí Iúil, mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail*
Grianghraf: Declan English



# Seirbhís Ealaíon

Is iad na tosaíochtaí atá ag an tSeirbhís Ealaíon ná feabhas leanúnach a chur ar an rochtain atá ag an phobal go léir ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha agus ar a rannpháirtíocht iontu, cur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar luach oideachasúil na n-ealaíon agus tacú le cáilíocht agus nuálaíocht san earnáil ealaíon.

## Clár Maoinithe na Comhpháirtíochta Straitéisí

Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall maoiniú €71,000 ar fáil do líonra eagraíochtaí neamhspleácha ealaíon an chontae – lena n-áirítear Ionad Ealaíon Balor agus Ealaíona Forbartha Pobail Balor i mBealach Féich, Ionad Ealaíon na Mainistreach i mBéal Átha Seanaidh, Amharclann Ghaoth Dobhair, Artlink sa Dún Riabhach, An Gailearaí in Áislann Ghaoth Dobhair, An Cosán Glas (grúpa ealaíontóirí) i nGort an Choirce/san Fhál Carrach agus Summer Palace Press i gCill Chartha.

## 17ú Féile Bhá Dhún na nGall agus na Cruaiche Goirme

Reáchtáladh Féile Bhá Dhún na nGall agus na Cruaiche Goirme den 17ú huair idir 28 Meán Fómhair – 28 Deireadh Fómhair. Tacaíonn an Fhéile le healaíontóirí agus spreagann sí pobail ar fud Dheisceart agus Iardheisceart Dhún na nGall, lena n-áirítear Béal Átha Seanaidh, Bun Dobhráin, Bealach Féich, Dún na nGall, Inbhear, na Cealla Beaga, Cill Chartha, Gleann Cholm Cille, Ard an Rátha agus na Gleannta, le clár drámaíochta, ceol de gach cineál, seónna, imeachtaí liteartha, imeachtaí físe agus imeachtaí do leanaí. A bhuí le maoiniú ó Éire Ildánach, bhí an Fhéile in ann an clár drámaíochta scoile, ar éirigh go geal leis san am atá caite, a chur ar bun arís. Mar thoradh air sin, bhain breis is 350 leanbh bunscoile i gceantair na nGleannta, Ard an Rátha, Chill Chartha agus Bhéal Átha Seanaidh sult as an léiriú suaithinseach a rinne Fíbín, an príomhchompántas drámaíochta Gaeilge, ar an fhinscéal *Clann Lir*.

Buaicphointe eile den Fhéile arbh ea an cur i láthair a rinne an cór Donegal Voices ar *A Handel Celebration* i mBéal Átha Seanaidh agus i Leitir Ceanainn ar an 6 agus an 14 Deireadh Fómhair. Tá tiomantas mór ag teastáil ó bhaill an chóir, a thaistealaíonn ó gach cearn chun páirt a ghlacadh sna cleachtaí a reáchtálann Andrew Batchelor, Stiúrthóir an Chóir, a gcuirtear tús leo i bhfad roimh na ceolchoirmeacha féin.

Áiríodh sa chlár freisin léirithe drámaíochta ó Chiorcal Drámaíochta Dhún na nGall (*American Buffalo* le David Mamet) agus Stórchompántas Drámaíochta Balor (*Why Not Stay For Breakfast?*, dráma grinn le Ray Cooney) san Inbhear, i mBealach Féich, i mBéal Átha Seanaidh, i nGleann Cholm Cille agus sa Chlochán Liath.



# An 17ú babhta den Fhéile Shráide bhliantúil i mBéal Átha Seanaidh

Ba é *Away With the Fairies*! an téama a bhí ag Féile Shráide na bliana 2017, tráth a ndearnadh William Allingham (1824-1889), an té is cáiliúla i measc mórphearsanra litríochta Bhéal Átha Seanaidh, a cheiliúradh le féile shráide ina ndearnadh léirmhíniú ar *The Fairies*, dán leis a thaitníonn go mór le daoine.   Ghlac breis is 200 duine, idir leanaí agus daoine fásta, páirt sa chlár sé seachtaine a tháinig roimh an imeacht. Ceardlanna Ealaíon i gcomhair Féilte Sráide Pobail a bhí i gceist sa chlár sin. Bhí ionchur ealaíne ar fáil ag an tionscadal ó ealaíontóirí gairmiúla, compántais drámaíochta agus compántais féilte sráide, agus ina measc bhí amharclann tírdhreacha LUXe (Inis Eoghain), Dark Daughter Productions (Bun Dobhráin), Workhouse Studios (Sligeach), Réalta (Gaillimh) agus na hamharc-ealaíontóirí Tom Meskell (ón Iarmhí) agus Diarmaid Flaherty (ó Shligeach).



*Compántas Drámaíochta Tírdhreacha LUXe ag cur fáilte roimh éirí na gréine in Andøy, i dTuaisceart na hIorua, i mí Feabhra, mar chuid dá gcónaitheacht in Vesteralen ar éascaigh an Chomhpháirtíocht Chultúrtha Idirnáisiúnta EDGES di*
Grianghraf: LUXe/Tord Vike



*Sheinn Little John Nee agus an Caledonia Highly Strung Orchestra ag Amharclann an Ghrianáin i mí Mheán Fómhair, agus bhí an ócáid sin ar cheann de bhuaiceanna na hOíche Cultúir*
Grianghraf: Paul McGuckin



## An Oíche Chultúir

Agus Leitir Ceanainn ag glacadh páirte don naoú uair san Oíche Chultúir Náisiúnta, Dé hAoine, an 22 Meán Fómhair, tugadh beagnach 4,000 cuairt ar 24 saoráid chultúrtha agus imeacht cultúir.

I measc na n-imeachtaí agus na saoráidí a cuireadh leis an liosta, bhí an Puball Ealaíne i bPáirc Bhaile Leitir Ceanainn, a raibh an-tóir air, an chéad léiriú ag an Oíche Chultúir ó chór eaglasta Afracach (Cór Eaglais na Cincíse, Leitir Ceanainn), gné nua Thrasteorann faoinar chuir Seanteach Cúirte Leifir agus Amharclann na Caolsráide sa Srath Bán taispeántas promanáide ar bun, agus clár a ndearnadh leathnú mór air i gcomharsanacht Lána na hEaglaise/Cheathrú na hArdeaglaise, inar nochtadh sraith portráidí leis an ealaíontóir Bernie Wilson, de John agus Gerard Crerand, deartháireacha a mbíodh cónaí orthu tráth in 1 Lána na hEaglaise.

Cuireadh go mór leis an rath a bhí ar an chlár de bharr na hoibre a rinne an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, Músaem Contae Dhún na nGall, an tSeirbhís Cartlainne, an Phríomhleabharlann agus an Oifig Oidhreachta.

I measc na mbuaicphointí ar leith bhí an taispeántas *A Vanished World – The Landed Gentry of Donegal* i Músaem Contae Dhún na nGall agus dhá léiriú in aon seó amháin a cuireadh ar bun in Amharclann an Ghrianáin, *I Hear You and Rejoice* le Mikel Murfi agus an píosa ceoil thobchumtha *Letterkenny: Past, Present and Future* ó Little John Nee agus an Caledonia Highly Strung Orchestra. Áiríodh sa chlár a cuireadh ar bun sa Phríomhleabharlann léirithe ón ghrúpa tíre Polannach áitiúil The Hazels agus Club Amhránaíochta Ros Goill, agus d'eagraigh an Oifig Oidhreachta an turas siúlóide *Life on The Ledge* i gcuideachta Aengus Kennedy ón eagraíocht Nature North West, a dhírigh aird ar an fhiadhúlra a mhaireann faoi bhláth sa timpeallacht thógtha.

Is iad Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall a rinne comhordú ar an Oíche Chultúir i Leitir Ceanainn le tacaíocht ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Cuireadh clár comhuaineach imeachtaí don Oíche Chultúir, a chomhordaigh Ealaín na Gaeltachta, ar bun ar fud na gceantar Gaeltachta sa chontae.

## Féile Damhsa Aerga na hÉireann

Chuaigh Seirbhís Ealaíon Dhún na nGall i gcomhpháirt le Fidget Feet Aerial Dance agus le hAmharclann an Ghrianáin chun Féile Damhsa Aerga na hÉireann a chur ar bun i Leitir Ceanainn, ón 28 Bealtaine – 10 Meitheamh. Ba é sin an 8ú huair a reáchtáladh an fhéile. Bhí clár cónaitheach leathan ina chuid den Fhéile, faoinar eagraíodh sainranganna damhsa aerga, a ndearna deichniúr cleachtóirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu éascú dóibh. Ghlac os cionn 130 damhsóir ó 20 tír páirt san Fhéile, atá faoi stiúir an chóiréagrafaí Chantal McCormick ó Bhealach Féich. Gné bhreise de chuid na Féile in 2017 arbh ea léirithe poiblí le Carolina Cabanas Dance Company ó Chósta Ríce agus le beirt ón Ísiltír, Saar Rombout agus Maartje Fijen.



*Rachel Strickland agus Aisling Ní Cheallaigh as Fidget Feet Aerial Dance i rith an 8ú Féile Damhsa Aerga na hÉireann i Leitir Ceanainn*
Grianghraf: Jym Daly

## Infheistíocht a dhéanamh maidir le Saothair Nua Ealaíne a chruthú i nDún na nGall

Ceann de na róil is tábhachtaí atá ag an tSeirbhís Ealaíon ná a spreagadh go gcruthófaí agus go gcuirfí i láthair saothair ealaíne nua sa chontae. In 2017, bhí na saothair seo a leanas ina measc siúd ar thacaigh an tSeirbhís leo.

Bhí áthas ar an tSeirbhís dul i bpáirt le hAmharclann an Ghrianáin chun dráma nua, *Shoot The Gear*, a cheapadh agus a chur i láthair. Bhí an dráma sin bunaithe ar scéalta, cuimhní cinn agus cuimhneacháin a bhailigh Guy Le Jeune, atá ina ealaíontóir drámaíochta cónaithe leis an Ghrianán, i measc phobal iascaireachta na gCealla Beaga. Bhí *Shoot The Gear* ar an stáitse ar feadh trí oíche sa Halla Ceant Éisc, Cuan na gCealla Beaga, i rith Fhéile Dhún na nGall agus na Cruaiche Goirme agus baineadh an-sult go deo as. Chomh maith leis sin, chuaigh an tSeirbhís i bpáirt leis an Fhéile Oidhreachta Iarnróid Bundoran Express, agus chuir siad i láthair dráma nua le Maura Logue agus Dark

Daughter Productions, *End of The Line – O'Carroll's Dance Hall 1957*, lena chomóradh go raibh 50 bliain imithe tharainn ó dúnadh Mór-Iarnród an Tuaiscirt go Bun Dobhráin.

Bhí áthas ar an tSeirbhís Ealaíon freisin tacú le Féile Shráide Inis Eoghain agus an saothar taibhealaíon nua *The Ancients* á cruthú agus á cur i láthair aici. Bhain breis is 500,000 duine sult as an saothar sin ag paráid bhliantúil Lá Fhéile Pádraig i mBaile Átha Cliath agus bhí an-tóir air ina dhiaidh sin ag Páirc Bhaile Leitir Ceanainn agus é ina bhuaicphointe de chuid na hOíche Cultúir. Rinne na compántais damhsa Aislingí ó Bhealach Féich agus Dynamic Waves ó Leitir Ceanainn cur i láthair i gcuideachta Fhéile Shráide Inis Eoghain ag an dá imeacht sin.



*Na haisteoirí Fionn Robinson, Ronan Carr, Louise Conaghan agus Orlaith Gilcreest, a ghlac róil éagsúla sa dráma nua a scríobh Guy Le Jeune, 'Shoot The Gear', a bhí ar siúl ar feadh trí oíche sa Halla Ceant Éisc sna Cealla Beaga i mí Mheán Fómhair*
Grianghraf: Guy Barriscale


## Dámhlann an Ghleanna

D'éirigh go geal freisin leis an oíche filíochta agus cheoil a cuireadh i láthair an lucht féachana ag Dámhlann an Ghleanna, Gort an Choirce i mí Iúil. Bhí an t-ionad lán go doras agus i measc na n-aíonna speisialta bhí an fidléir Paddy Glackin ó Bhaile Átha Cliath agus Moya Cannon, file cáiliúil ó Dhún na nGall. Ba é an scríbhneoir cónaithe Cathal Ó Searcaigh fear an tí i gcomhair na hócáide.

# Tionscadal EDGES Dhún na nGall agus Vesteralen na hÍoslainne

Ag éirí as cuairt a thug Stiúrthóirí Cultúrtha ó Vesteralen ar Dhún na nGall in 2016, thaistil compántas drámaíochta tírdhreacha LUXe ó Bhun na hAbhann chomh fada le Tuaisceart na hIorua i mí Feabhra agus i mí Mheán Fómhair, áit ar chuir siad i gcrích roinnt tionscadal gairid cónaithe in Andøy, Sortland agus Melbu. Tá an tsraith babhtaí cónaithe de chuid LUXe in Vesteralen, a bheidh ar siúl arís in 2018, á mhaoiniú ag Cultúr Éireann, Comhairle Chultúrtha Vesteralen agus Comhairle Contae Dhún na nGall.

Tar éis gur éirigh leis an iarratas a rinne Artlink ar Scéim Tionscadal Amharcealaíon na Comhairle Ealaíon – a raibh an tSeirbhís Ealaíon ina comhpháirtí ina leith – cuireadh clár ceithre chónaitheacht d'ealaíontóirí ar bun sa Dún Riabhach le linn 2017. Cuireadh ceann de na babhtaí cónaitheachta in áirithe d'ealaíontóir ó réigiúin chomhpháirtíochta EDGES agus, dá bhrí sin, ba í Lytten Nystrom, as Seydisfjordor in Oirthear na hIorua, a bhí ina healaíontóir idirnáisiúnta cónaithe i mí na Bealtaine.





*Compántas Drámaíochta Tírdhreacha LUXe ag cur fáilte roimh éirí na gréine in Andøy, i dTuaisceart na hIorua, i mí Feabhra, mar chuid dá gcónaitheacht in Vesteralen ar éascaigh an Chomhpháirtíocht Chultúrtha Idirnáisiúnta EDGES di*
Grianghraf: LUXe/Tord Vike

# Ealaíne an Earagail ar siúl den 29ú huair

Bhí Féile Ealaíne an Earagail ar siúl den 29ú huair ón 4 – 23 Iúil. Leanadh ar aghaidh ag díriú ar splanc na siamsaíochta a chur i Slí an Atlantaigh Fhiáin, agus rinneadh forbairt bhreise ar shamhail an mhoil a glacadh le blianta beaga anuas. Is é sin le rá gur díríodh buaicphointí an chláir ar gach ceann de thrí réigiún – Iarthar Dhún na nGall, Leitir Ceanainn/Bealach Féich agus Inis Eoghain – ar a seal féin ag na deirí seachtaine, taobh leis an chlár leanúnach i Leitir Ceanainn le linn thréimhse na Féile.

## Home with The Henry Girls

In *Home with The Henry Girls*, d'fhorbair an Fhéile cónaitheacht ar leith le The Henry Girls, i Málainn, an sráidbhaile arb as dóibh. Imeacht idirghníomhach cúig lá a bhí i gceist. Mheall an chónaitheacht rannpháirtithe ó Éirinn, ón Ríocht Aontaithe agus ó Chríoch Lochlainn, agus bhaineadar sult as clár ina raibh ceardlanna amhránaíochta, turais chultúrtha agus chócaireachta, seisiúin ceoil thraidisiúnta sna tithe tábhairne agus dhá cheolchoirm speisialta. Ar cheann acu siúd bhí an cheolchoirm a chuir na Henry Girls i láthair in onóir deirfiúracha eile a bhíodh i mbun amhránaíochta, na Boswell Sisters a bhíodh ag canadh i Nua-Eabhrac agus in New Orleans sna 1920í agus na 1930í.



*Na Henry Girls agus iad ag cur i láthair a seó ceoil speisialta in onóir The Boswell Sisters, grúpa cáiliúil a bhíodh ag casadh comhcheol ó bhéal in New Orleans sna 1930í, i bpuball an Tumble Circus ar Fhaiche an Bhaile i Málainn i mí Iúil, mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail*
Grianghraf: Paul Brown/EAF

## Deireadh Seachtaine Idirnáisiúnta an Cheoil Tíre agus an Cheoil ar an tSeanstíl, Dún na nGall

Bhí léirithe den scoth ar siúl san Ionad Cultúrtha Réigiúnach, in Amharclann an Ghrianáin agus in Ionad Ealaíon Balor i gcomhair Dheireadh Seachtaine Idirnáisiúnta an Cheoil Tíre agus an Cheoil ar an tSeanstíl, Dún na nGall. Ina measc siúd ar an stáitse bhí Kila, Na Mooneys, Rosie Carney, an Atlantic Arc Orchestra de chuid Donal Lunny, For Foresters agus Leila Jane & The Healers.



## Deireadh Seachtaine an Atlantaigh Fhiáin ar Fhaiche Mhálanna

D'éirigh go geal leis an dara Féile dhá lá ag a ndearnadh ceiliúradh ar ealaín sráide agus lucht sorcais, ón tír seo agus thar lear, ar Fhaiche an Bhaile i Málainn. I measc na dtaibheoirí bhí Circus Raj ó Rajasthan, Tumble Circus agus Cahoots NI, agus bhí na teaghlaigh sa lucht féachana mór thar a bheith sásta leo. D'éirigh go geal freisin le clár ceoil, amhránaíochta agus imeachtaí litríochta Oileán Árainn Mhór ar Ardán an tSléibhe – i nGaeilge agus i nGaeilge na hAlban – a cuireadh ar bun i gcomhpháirtíocht le Féile Swell.



*Chuir Circus Raj, ó stát gaineamhlaigh Rajasthan na hIndia, siamsaíocht i láthair na sluaite ar Fhaiche an Bhaile i Málainn mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail i mí Iúil*
Grianghraf: An tSeirbhís Ealaíon

## Drámaíocht agus Damhsa

Bhí an-áthas ar an Fhéile gur mar chuid di a cuireadh i láthair den chéad uair an saothar nua *Aon* le Breandán de Gallaí, damhsóir agus cóiréagrafaí ón cheantar, dá chompántas damhsa Ériú, ag Amharclann Ghaoth Dobhair. Ar feadh trí oíche a bhí an seó ar an stáitse agus tugadh moladh mór do.  I measc bhuaicphointí drámaíochta eile na Féile bhí oiriúnú agus cur i láthair a rinne Amharclann Óige an Ghrianáin ar *Blackadder Goes Forth*, an dráma gradamach *Silent* le Pat Kinevan, *Sadhbh/Sive* ó Aisteoirí Ghaoth Dobhair, *Frank Carson: A Rebel Without a Pause* ó Dan Gordon/Happenstance Theatre agus *Kindur: The Adventurous Life of Icelandic Sheep*, ó Compagnia TPO, compántas ón Iodáil, a thaitin go mór leis na leanaí sa lucht féachana.



*Chuir Breandán de Gallaí, damhsóir agus cóiréagrafaí arb as Gaoth Dobhair dó, agus a chomhlacht damhsa Ériú i láthair an chéad léiriú den seó nua 'Aon' dá gcuid in Amharclann Ghaoth Dobhair i mí Iúil, mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail*
Grianghraf: Declan English

## Turasóireacht Chultúrtha

Bhí an-áthas ar an Fhéile a bheith ag obair i ndlúthpháirt le Fáilte Éireann, ag cur splanc na siamsaíochta i Slí an Atlantaigh Fhiáin i nDún na nGall le clár spreagúil, dátheangach ina raibh drámaí, ceol, amharcealaíona, seónna amuigh faoin aer, imeachtaí litríochta agus imeachtaí do leanaí, a mheall muintir na háite agus cuairteoirí araon. Ar an iomlán, chuir an Fhéile chun cinn 165 léiriú in 30 ionad ar fud 16 baile, sráidbhaile agus oileán thar 20 lá agus oíche.

## Comhpháirtíochtaí

Tá Féile Ealaíne an Earagail fós ag cur leis an iomrá atá ar ealaíontóirí ó Dhún na nGall agus ealaíontóirí Éireannacha mar phróiseas leanúnach, agus bíonn an cuspóir sin á shaothrú aici le raon comhpháirtithe áitiúla, lena n-áirítear an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, Amharclann an Ghrianáin, Ealaín na Gaeltachta, Músaem Contae Dhún na nGall, Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Dhún na nGall, Oifig Fiontar Áitiúil Dhún na nGall, Ionad Ealaíon Balor Bhealach Féich, Amharclann Ghaoth Dobhair, An Gailearaí sna Doirí Beaga, An tSean-Bheairic san Fhál Carrach, Comharchumann Oileán Árainn Mhór, Comharchumann Oileán Thoraigh, Forbairt Pobail Mhálanna, OOP i dTeach agus Gailearaí Gléibe, Mín an Lábáin, agus Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.



*An ceoltóir cáiliúil Femi Kuti ón Nigéir agus a bhanna ceoil Positive Force i mbun ceolchoirme ag McGrory's i gCúil Dabhcha i mí Iúil, mar chuid mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail*
Grianghraf: Paul Brown/EAF

# Amharclann an Ghrianáin

## Ceol

Cuireadh an-tús go deo le 2017 san amharclann le dhá ghig iontacha a cuireadh ar bun mar chuid de Sheachtain Thraidisiúnta Leitir Ceanainn. I measc na réaltaí a ghlac páirt iontu bhí Martin agus Eliza Carthy, Lankum, The Rheingans Sisters agus Coirm. Bhí an t-ionad lán go doras do ghig dheiridh na seachtaine le Billy Bragg agus Joe Henry.

Thug ceoltóirí eile a bhfuil clú agus cáil orthu thar lear cuairt ar an amharclann freisin i rith na bliana. Ina measc bhí Eddi Reader, Mary Black, John Prine agus Sturgill Simpson, The High Kings agus Little Hours, réaltaí nua Dhún na nGall.

## Díriú ar Thaibhiú Óige

Dhírigh an amharclann go mór ar ghníomhaíochtaí Óige in 2017, agus mar chuid de sin cuireadh an chéad léiriú iomlán ar an stáitse ó Amharclann Óige an Ghrianáin, a cuireadh i láthair i mí Iúil mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail.  Rinne na scoláirí an tsraith chlasaiceach ghrinn *Blackadder Goes Forth* a chur in oiriúint don stáitse, agus is iad féin a rinne léiriú air le meantóireacht ó fhoireann ghairmiúil na hAmharclainne.

Bhí an Grianán ag obair le Ceol-Amharclann Óige Dhún na nGall den chéad uair chun scoil samhraidh ar leith, tionscadal a mhair ceithre seachtaine, a léiriú a bhí bunaithe ar *The Phantom of the Opera*. Bhí gach uile thicéad díolta faoin am gur cuireadh ar an stáitse é trí huaire i mí Lúnasa.


Chomh maith leis sin, chuaigh an amharclann i gcomhpháirt le ZoNa Dance den chéad uair chun oiriúnú álainn a dhéanamh ar *The Nutcracker* don seó Nollag. Le script nua ó Guy Le Jeune, Ealaíontóir Cónaithe an Ghrianáin, thapaigh an amharclann na deiseanna a bhí ann le páirt a thabhairt d'aisteoirí agus damhsóirí óga an cheantair. Cuireadh 6 sheó ar bun mar chuid den tionscadal, agus bhí an-tóir ag scoileanna agus teaghlaigh araon orthu. Níor fágadh ticéad ar bith gan díol.



*D'ostáil Amharclann an Ghrianáin cónaitheacht ar leith leis an ealaíontóir Pat Kinevane, agus chuir seisean trí dhráma leis – 'Silent', 'Forgotten' agus 'Underneath' [sa phictiúr] – ar an stáitse i mí Dheireadh Fómhair*
Grianghraf: Patrick Redmond

## Pat Kinevane/Cónaitheacht le Fishamble

Chomh maith le gnáthchlár an Ghrianáin faoina raibh deiseanna ann chun forbairt a dhéanamh ar fhoirmeacha ealaíne do dhaoine óga, díríodh in 2017 freisin ar dheiseanna forbartha sna healaíona gairmiúla. Thairg an amharclann cónaitheacht ar leith don ealaíontóir Pat Kinevane/Compántas Drámaíochta Fishamble, agus chuir seisean trí dhráma leis ar an stáitse – *Silent, Forgotten* agus *Underneath*. Faoin chónaitheacht chéanna, tairgeadh ceardlanna faoi threoracha stáitse le Veronica Coburn de chuid Fishamble agus ceardlann maidir le scríobh drámaí le Gavin Kostick.



## Saothair Dhrámaíochta nua atá ar na Bacáin

Seo é an tríú bliain ag an Ghrianán i mbun oibre le hEalaíontóir Cónaithe na hAmharclainne, agus tá an obair sin dírithe ar thionscadal a reáchtálfar le muintir Oileán Árainn Mhór in 2018. Ina theannta sin, tá dhá scríbhneoir ag obair ar choimisiúin nua i gcomhair na hamharclainne: tá script nua ullmhaithe ag Tara McKevitt don amharclann a chuirfear ar an stáitse in 2018 agus tá John D. Ruddy tar éis leabhar staire grinn a scríobh sé féin, *Manny Man Does the History of Ireland*, a chur in oiriúint don stáitse. Cuirfear an dráma sin i láthair in 2018 freisin.



*Rinne Amharclann Óige an Ghrianáin an tsraith chlasaiceach ghrinn 'Blackadder Goes Forth' ón BBC a chur in oiriúint don stáitse, agus is iad féin a chur ar an stáitse é ansin i mí Iúil, faoi mheantóireacht fhoireann ghairmiúil na hAmharclainne*
Grianghraf: Rik Walton



*Constantinople agus Ablaye Cissoko a bhí ag seinm ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail*
Grianghraf: Féile Ealaíne an Earagail



# Ionad Cultúrtha Réigiúnach

Tá foirgneamh an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh (RCC) i Leitir Ceanainn, de dhearadh MacGabhann Architects, ar cheann de na saoráidí ealaíon is fearr in Éirinn. Tá clár iomlán gníomhaíochtaí ealaíon ardchaighdeáin ar bun ag an Ionad ó osclaíodh é in 2007. Déantar an clár a reáchtáil le maoiniú bliantúil ón Chomhairle Ealaíon agus ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus le maoiniú tionscadail ó fhoinsí éagsúla.

# Na hAmharc-Ealaíona

Lean an tIonad Cultúrtha Réigiúnach ar aghaidh ag coimisiúnú mórthaispeántas ealaíne, idir chinn Éireannacha agus chinn ó thar lear, in 2017 agus á gcur os comhair an phobail. Ba ghné mhórshuntasach de chlár na dtaispeántas na seónna aonair, ar scála mór, le healaíontóirí as Dún na nGall. Ina measc siúd bhí *Sire*, saothar le Maria McKinney ina bhfuil idir dealbha, ghrianghraif agus scannáin, ina ndéantar imscrúdú ar chúrsaí géineolaíochta in eallach. Ba é príomhthaispeántas an tsamhraidh, i gcomhthráth le Féile Ealaíne an Earagail, ná *Exploring Architecture*, inar caitheadh súil siar, i lár a ghairme, ar shaothar an ealaíontóra Eamon O'Kane, arb as Dún na nGall dó agus atá ina chónaí sa Danmhairg. Bhí idir phictiúir, líníochtaí agus mhíreanna beochana sa taispeántas, agus bhí sé ina chuid de shraith taispeántas ealaíne agus ailtireachta. Rinneadh 10ú lá breithe an Ionaid a cheiliúradh i mí Iúil le dhá thaispeántas, *John Soffe: RCC Live 2007 – 2017*, grianghraif de cheolchoirmeacha beo a bhí ar siúl san Ionad ó osclaíodh é, agus *MacGabhann Architects: Regional Cultural Centre*, ina bhfuil líníochtaí, samhlacha agus grianghraif den bhfoirgneamh gradamach, mar aon le léirmheasanna air.


Mar chuid den dara bhabhta den Fhéile Remote Photo, ina ndéantar ceiliúradh ar ghrianghrafadóirí a bhíonn i mbun a gceirde in áiteanna iargúlta nó amuigh faoin tuath, taispeánadh *The Queen, The Chairman and I* leis an ghrianghrafadóir gradamach Kurt Tong, a rugadh i Hong Cong, i gcomhar leis an Impressions Gallery Bradford, agus grúpthaispeántas ó lucht na Máistreachta sa Mhínealaín ó Scoil Ghrianghrafadóireachta Ollscoil Uladh. Ba é *Portrait*, grúpthaispeántas a raibh Adrian Kelly ina choimeádaí air, taispeántas deiridh an Ionaid in 2017 sa phríomhghailearaí, agus rinneadh iniúchadh leathan sa taispeántas sin ar an phortráid ealaíonta.

Reáchtáladh sraith taispeántas aonair sa ghailearaí ar urlár na talún, lena n-áirítear Bothóg, taispeántas de chuid Cathal McGinley, atá ina ealaíontóir cónaithe san Ionad (2017-2019). Líníochtaí, grianghraif agus suiteáil deilbh a bhí sa taispeántas, a bhfuil baint aige le tionscadal leanúnach faoi Inis Bó Finne, Contae Dhún na nGall. Chuir Mocola Vonga, a rugadh in Angóla agus a bhfuil cónaí air i Leitir Ceanainn, sraith pictiúir agus mósáicí ar taispeáint. Thaispeáin an grianghrafadóir Meiriceánach Steve Anderson saothair ar théama na cuimhne, an tírdhreacha, na mbrionglóidí agus an tsaoil cheilte. Osclaíodh *One of the Natural*, taispeántas pictiúr nua le Selena Mowat, ealaíontóir a rugadh in Albain agus a chuir fúithi i nDún na nGall ó 2010 go 2014, ag deireadh mhí na Nollag.

D'fhorbair an tIonad Cultúrtha Réigiúnach trí thaispeántas in ionaid eile i gContae Dhún na nGall agus cuireadh *Willie Doherty, Loose Ends* ar taispeáint sa Matts Gallery, Londain. Cuireadh *Lived Lives*, leis an ealaíontóir Seamus McGuinness agus an síciatraí Kevin M. Malone, i láthair ag an Ghailearaí, Gaoth Dobhair, mar chuid de *Connecting for Life*, an Plean um Chosc an Fhéinmharaithe i nDún na nGall.

D'ullmhaigh an tIonad dhá thaispeántas ailtireachta mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail, *Seven Donegal Churches*, taispeántas grianghraf faoin ailtire Liam McCormick ag Amharclann an Ghrianáin, Leitir Ceanainn agus *In Search of the Donegal Vernacular Cottage* i gcomhar le hOifig Oidhreachta Dhún na nGall i Músaem Contae Dhún na nGall, Leitir Ceanainn agus sa Ghailearaí, Gaoth Dobhair.

*Portráid de Patsy Dan Mac Ruaíri*
Grianghraf: Richard Noble



*e1027 le Eamon O'Kane*
Grianghraf: Eamon O'Kane




# Ceol


Choinnigh an tIonad, atá ar cheann de na hionaid bheaga ceoil is fearr sa tír, leis an chlár forbartha ceoil atá á reáchtáil aige i gcomhar le Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall agus Féile Ealaíne an Earagail. Roghnaíodh a chlár bliantúil imeachtaí go cúramach – beagnach 30 ceolchoirm náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag ar seinneadh ceol clasaiceach, ceol tíre, snagcheol, ceol domhanda agus ceol indie. Gné shuntasach den bhliain 2017 arbh ea na féilte ceoil bliantúla ar éirigh thar cionn leo, ag tosú leis an 3ú Seachtain Ceoil Thraidisiúnta i Leitir Ceanainn i mí Eanáir. Faoi bhrat na Féile, cuireadh trí cheolchoirm i láthair ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach, dhá cheann sa Ghrianán agus roinnt ceardlann leis na healaíontóirí cónaithe, The Rheingans Sisters.  Ba é buaicphointe na Féile ná *A Family Affair Gala Concert*, ag a raibh Martin agus Eliza Carthy, Lynched agus an grúpa óige áitiúil Coirm ar an stáitse.

Cuireadh an fheis ceoil thrialaigh Distorted Perspectives ar bun den 4ú bliain as a chéile agus bhí taibheoirí den scoth ar an stáitse san Ionad an dá oíche: Ba iad K-X-P ón Fhionlainn na príomh-aíonna an chéad oíche, in éineacht le Ceathairéad Robocobra ó Bhéal Feirste agus dhá bhanna ceoil áitiúla, Tuath agus The Gatefolds. Ar an dara hoíche, ba iad an banna Éireannach exmagician na príomh-aíonna, agus bhí Hannah Peel, SlowPlaceLikeHome agus na bannaí áitiúla Scenery agus Aul Boy ar an stáitse freisin.

Ar chlár ceolchoirmeacha an Ionaid do Dheireadh Seachtaine Idirnáisiúnta an Cheoil Tíre agus an Cheoil ar an tSeanstíl, a bhí ar bun den 3ú huair i nDún na nGall mar chuid d'Fhéile Ealaíon na hEaragaile, bhí Gerry O'Connor agus cairde leis, Saint Sister, Kila agus Na Mooneys ó Éirinn, in éineacht le Constantinople ón Iaráin agus Derek Gripper ón Afraic Theas.



*Clúdach bhróisiúr an Earraigh de chuid an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh*
Dearadh: Daniel McGarrigle



*Ceathairéad Robocobra ag Distorted Perspectives*
Grianghraf: Mickey Rooney



*The Unthanks ón tsraith RCC Live 2007-2017*
Grianghraf: John Soffe



*An taispeántas 'Sire' le Maria McKinney á oscailt*
Grianghraf: Clive Wasson

## Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall

Is san Ionad Cultúrtha Réigiúnach atá an Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, agus bíonn an dá eagraíocht sin ag obair i ndlúthpháirt le chéile. I measc eile, cuireann siad chun cinn ceolchoirmeacha a bhíonn ar siúl san Ionad agus éascaíonn siad do cheardlanna a ghabhann leis na ceolchoirmeacha faoin tsraith Music Network. Is í an Chomhpháirtíocht a bhíonn i bhfeighil cion nach beag de ghníomhaíochtaí an Ionaid, lena n-áirítear ranganna seachtainiúla agus cleachtaí rialta a bhíonn ag ensembles éagsúla.



*Taispeántais chuimhneacháin an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh á seoladh*
Grianghraf: Declan Doherty

## Oideachas agus na hEalaíona Pobail

Rinne an tIonad comhordú ar fhéile na Bealtaine do dhaoine scothaosta, faoinar reáchtáladh breis is 100 imeacht ar fud na tíre, i gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall, Age & Opportunity agus eagraíochtaí daoine scothaosta. I measc bhuaicphointí an Ionaid bhí seoladh an leabhair *Life in a Lantern* de chuid Chumann Leitir Ceanainn um Scor Gníomhach agus an seó mná aonair *The Lad from Laghey* le Jean Curran. Ina theannta sin, bhí ceardlanna agus imeachtaí rialta ar siúl san Ionad, mar aon le himeachtaí a thionóil eagraíochtaí cultúir, eagraíochtaí oideachais, eagraíochtaí forbartha pobail agus eagraíochtaí sláinte i gcaitheamh na bliana. D'eagraigh an tIonad imeachtaí scoile, imeachtaí leanaí agus imeachtaí teaghlaigh ina fhoirgneamh féin agus ar fud na tíre le raon comhpháirtithe. I measc na mbuaicphointí san Ionad le linn na féile Wainfest 2017 do leanaí i mí Dheireadh Fómhair, a cuireadh i láthair i gcomhpháirtíocht leis na Seirbhísí Cultúrtha, bhí dhá dhráma, *Tullyglen* le Little John Nee, a coimisiúnaíodh don fhéile, agus *The Locksmith's Song* le hEoin Lynch.



*Cruinniú tionscnaimh CINE, Oileáin Lofoten, an Iorua, Meán Fómhair 2017*
Grianghraf: Skuli Gunnarsson



# Seirbhís Mhúsaem

Trí mheán Sheirbhís Mhúsaem an Chontae, déanann Comhairle Contae Dhún na nGall caomhnú agus ceiliúradh ar chomhchuimhne an chontae agus a chuid pobal, trí dhéantúsáin a bhaineann le stair Dhún na nGall a chaomhnú, a chur ar taispeáint agus a léirmhíniú. Bíonn an Músaem Contae ag obair le cuid mhór daoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí éagsúla chun cur leis an rochtain ar an oidhreacht agus an rannpháirtíocht léi, ar mhaithe lenár n-oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chaomhnú.

## An Tionscadal CINE


I mí Mheán Fómhair, tionóladh an chéad chruinniú comhpháirtíochta den tionscadal *Connected Culture and Natural Heritage in a Northern Environment* (CINE) san Iorua. Is comhthionscnamh digiteach oidhreachta é CINE idir comhpháirtithe ón Iorua, ón Íoslainn, ó Éirinn agus ó Albain. Is iad Músaem Contae Dhún na nGall agus Ollscoil Uladh na comhpháirtithe in Éirinn. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Chlár um an Tuaisceart agus Imeall an Artaigh (faoi CFRE). Tá sé mar aidhm le CINE athrú ó bhonn, trí mheán na teicneolaíochta, a dhéanamh ar na heispéiris a bhíonn ag daoine i dtaobh láithreáin oidhreachta amuigh faoin spéir, bunaithe ar an smaoineamh 'Músaeim Chontae gan bhallaí'. Ar dtús, beidh an Músaem Contae ag obair le Coiste Stair agus Oidhreachta na gCealla Beaga agus iniúchadh á dhéanamh acu ar shamhlacha comhtháirgthe pobail maidir le hábhar digiteach a chruthú.

## Deich mBliana na gCuimhneachán

I mí na Samhna, sheol Músaem Contae Dhún na nGall tréimhse dhá mhí comhairliúcháin phoiblí chun cabhrú le nuashonrú a dhéanamh ar an leabhar County Donegal Book of Honour, The Great War 1914 – 1918. Iarradh ar an phobal féachaint ar dhréachtleagan an leabhair ar láithreán gréasáin na Comhairle, chun na sonraí atá ann a sheiceáil agus aon ainmneacha nua atá le cur leis a lua.

Nocht Ciorcal Staire Uladh Plaic Ghorm in onóir James Duffy VC, Saighdiúir Singil, ag Sráid an Chaisleáin, Leitir Ceanainn ar an 10 Samhain. Tugadh aitheasc gearr agus tionóladh fáiltiú sa Mhúsaem Contae tar éis an nochta. Ar an 17 Samhain, seoladh an leabhar *Laggan Lads* le Hilary Roulston sa Mhúsaem Contae. Bailiúchán scéalta agus dánta atá ann a fuair spreagadh ó fhir agus mná Oirthear Dhún na nGall a ghlac páirt sa Chéad Chogadh Domhanda.

Déardaoin, an 7 Nollaig, i gcomhpháirtíocht le Músaem Contae Inis Ceithleann, eagraíodh Lá Staidéir faoin Chéad Chogadh Domhanda do na Meánscoileanna. D'fhreastail scoláirí ó scoileanna i gContae Fhear Manach agus i gContae Dhún na nGall ar an imeacht. Ar an lá céanna, i gcomhar le Músaem Contae Inis Ceithleann, chuir an Músaem Contae ar taispeáint an Chros Victoria a bronnadh ar an Saighdiúir Singil James Duffy i rith an Chéad Chogaidh Dhomhanda.





*An Chros Victoria a bronnadh ar James Duffy ar taispeáint i Músaem Contae Dhún na nGall, mí na Samhna 2017*
Grianghraf: Músaem an Chontae

## Taispeántais

Bhí *Mná 1916: Women 1916*, taispeántas inar insíodh scéalta faoi 300 bean a raibh baint acu le hÉirí Amach 1916, ar taispeáint ó mhí Eanáir go mí an Mhárta. Is í Sinéad McCoole a bhí i mbun coimeádaíochta air.

Chuir Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, Músaem Contae Dhún na nGall, Cartlann Chontae Dhún na nGall agus an tIonad Cultúrtha Réigiúnach an taispeántas *In Search of the Donegal Vernacular Cottage* i láthair i mí Iúil agus mí Lúnasa, i gcomhar le Féile Ealaíne an Earagail. Baineadh leas as grianghraif, léaráidí agus líníochtaí ó bhailiúcháin áitiúla agus cinn náisiúnta chun foirmeacha agus gnéithe sainiúla theachín dúchasach Dhún na nGall a chur i láthair.

Osclaíodh an taispeántas *A Vanished World – the landed gentry of Donegal* sa Mhúsaem Contae i mí Mheán Fómhair. Is iad an Músaem Contae agus na Seirbhísí Cartlainne a bhí i mbun coimeádaíochta air, agus léirigh an taispeántas cén sórt saoil a chaithidís siúd a bhíodh ag cónaí agus ag obair i dtithe móra Dhún na nGall, saol atá caite anois. Bhí an taispeántas ina chuid de Phlean Gníomhachtaithe Éire Ildánach 2017 do Dhún na nGall agus fuarthas cuid den mhaoiniú ina leith ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

I rith an tsamhraidh, d'óstáil an Músaem Contae *A Trek Through Time*, taispeántas nua ón tSeirbhís Cartlainne. Ó mhí na Samhna go mí na Nollag, bhí taispeántas taistil de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann, *Treasures of the Royal Irish Academy Library*, ar taispeáint agus, i mí na Nollag, d'óstáil an Músaem Contae an taispeántas *Ulster Winners of the Victoria Cross*, a fuarthas ar iasacht ó Ghníomhaireacht na hUltaise.

# Clár Imeachtaí

Ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, an 8 Márta 2017, d'eagraigh an Músaem Contae, i gcomhar le Líonra Ban Dhún na nGall, clár lae dar teideal *Visible & Invisible Women – 100 Years On*. Áiríodh sa chlár sraith cainteanna inar scrúdaíodh na mná Éireannacha ón tréimhse réabhlóideach nach ndéantaí aon suntas díobh, turas ar an taispeántas *Mná 1916: Women 1916* i gcuideachta an Choimeádaí Sinéad McCoole agus sraith pléití grúpa ar réimse leathan saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar mhná Dhún na nGall sa lá atá inniu ann.

Cuimsíodh i gclár imeachtaí an Mhúsaeim Contae an-chuid gníomhaíochtaí agus imeachtaí éagsúla i gcaitheamh na bliana, agus imeachtaí i gcomhair na Féile Bealtaine, na Seachtaine Oidhreachta, na hOíche Chultúir agus Wainfest ina measc. Ina measc siúd bhí sraith seisiún cuimhneacháin in ionaid lae agus ospidéil phobail; caint ar The *Countyside Bird Survey* a d'eagraigh Birdwatch Ireland; seoladh Fhéile Liteartha Cheathrú na hArd-Eaglaise, Leitir Ceanainn; Siúlóid Dúlra Uirbeach do Theaghlaigh i gcuideachta Aengus Kennedy; seoladh an tríú leabhar le Jim Maultsaid, *Dawn of Victory, Thank You China*; seisiún ceoil thraidisiúnta le Comhaltas Ceoltóirí Éireann; Gradaim na Gaeilge do Phobail Nua; seoladh Léarscáil Seanshráideanna Leitir Ceanainn; imeacht staire beo le Cuntaois Liatroma; *Family Friendly Survival Skills* le hÓglaigh na hÉireann; taispeántas díonadóireachta traidisiúnta; caint ar *Ireland's Rural Electrification Scheme* ó PJ Cunningham agus an Dr Joe Kearney; caint faoin taispeántas *In Search of the Donegal Vernacular Cottage* ón Dr Joseph Gallagher agus turas air.

I gcaitheamh na bliana, bhí an Músaem Contae ag obair i ndlúthpháirt le hIonad Oideachais Dhún na nGall chun Bosca Seandálaíochta an Mhúsaeim Contae a thabhairt chomh fada le bunscoileanna agus meánscoileanna i nDún na nGall. Thug baill foirne ón Mhúsaem Contae cuairt ar bhreis is 800 dalta ar fud an Chontae.

*Thuas, ar chlé: An taispeántas 'A Vanished World' i Músaem Contae Dhún na nGall*
Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall

*Thuas, ar dheis: An díonadóireacht thraidisiúnta á taispeáint ag Sean Brogan le linn na hOíche Cultúir i Músaem Contae Dhún na nGall*
Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall

*Bun, ar chlé: 'Cuntaois Liatroma agus aíonna' le linn na hOíche Chultúir i Músaem Contae Dhún na nGall*
Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall


*Bun ar dheis: Aoi-chainteoirí ag an seimineár 'Visible and Invisible Women' a d'eagraigh an Músaem, Márta 2017*
Grianghraf: Paul McGuckin





DISABLED


HOLLISTER







# Seirbhís Cartlainne

Is é is aidhm don tSeirbhís Cartlainne ná oidhreacht dhoiciméadaithe agus thaifeadta mhuintir Chontae Dhún na nGall a chaomhnú agus a chur ar fáil do ghlúine ár linne agus do na glúine atá le teacht. Déanann sí an méid sin trí bhailiúcháin chartlainne, ina bhfuil idir ábhar príobháideach agus ábhar poiblí, a bhaineann le stair agus cultúr Dhún na nGall a fháil, a chatalógú, a chaomhnú, agus a stóráil go sábháilte, agus trí rochtain ar an chartlann a thabhairt don phobal. Bíonn an tSeirbhís Cartlainne ag obair i gcomhpháirtíocht lena lán grúpaí agus eagraíochtaí.

*Íomhá ón tráchtas le Patrick O'Neill 'A Social and Cultural Study of Crofter Life on the West Donegal Seaboard' (1940). Rinne an tSeirbhís Cartlainne digitiú ar an tráchtas agus d'fhoilsigh sí ar líne é in 2017*
Grianghraf: Seirbhís Cartlainne

# A Trek through Time: Images from the Archives

In 2017, rinne an tSeirbhís Cartlainne coimeádaíocht ar thaispeántas taistil nua, atá dírithe ar ghnéithe de stair Dhún na nGall, mar a léirítear i gcuid dá bailiúcháin mhóra. Is éard atá sa taispeántas ná dhá phainéal déag, agus tá trácht i ngach ceann díobh sin ar cheann de na Bailiúcháin Chartlainne nó ar théama a bhfuil béim air sna bailiúcháin. Is iad teidil na bpainéal: *Na hEalaíona* agus *na hAircívÍ; Ard-Ghiúiré Dhún na nGall; Toghcháin agus na Toghchóirí; Aircíví Eisimirce Dhún na nGall; Dún na nGall Neamhchoitianta agus Aisteach; CLG i nDún na nGall; Bailiúchán Joseph Murray; Mná Dhún na nGall; Léarscáileanna de Co. Dhún na nGall; Iarnróid; Scoileanna agus Scolaíocht i nDún na nGall;* agus *Tithe na mBocht.*

Is é is cuspóir don taispeántas ná aird a díriú ar na bailiúcháin stairiúla sin, chun feasacht a mhúscailt i dtaobh na gcartlann áitiúil i gcoitinne agus chun an luach bunúsach a bhaineann leo a léiriú. Áirítear sa taispeántas téamaí a bhfuil tábhacht leo sa staidéar ar stair an chontae. Cruthaíodh dhá shraith painéal ar leith, ceann i nGaeilge agus ceann i mBéarla. Cuireadh an taispeántas in airde in ionaid i Leifear, Leitir Ceanainn, Ard an Rátha, Gaoth Dobhair agus i mBealach Féich.




*Roinnt de na cartlanna ar taispeáint don taispeántas 'A Vanished World', sa Mhúsaem Contae*
Grianghraf: Caroline Carr




## Digitiú

Rinneadh digitiú in 2017 ar bhailiúchán Ard-Ghiúiré Dhún na nGall ón 18ú/19ú haois agus tá sé beartaithe é a uaslódáil chuig an láithreán gréasáin in 2018. Rinneadh digitiú ar dhá bhailiúchán eile i gcomhair Éire Ildánach (féach thíos). Rinneadh digitiú ar mhiontuairiscí cruinnithe de chuid údaráis áitiúla Chontae Dhún na nGall ó 1916 (nó mar sin) in 2016 agus seoladh i Leifear iad i mí na Bealtaine 2017. Léiríonn na miontuairiscí comhthéacs sóisialta, eacnamaíoch agus polaitiúil ceantar áitiúil sa chontae, an chontae féin, agus na tíre le linn luathbhlianta na tréimhse ar a dtugaimid Deich mBliana na gCuimhneachán anois. Cuirtear spéis ar leith sna tagairtí polaitiúla atá sna miontuairiscí; mar shampla, cé nár thacaigh baill na Comhairle áitiúla leis an Éirí Amach ar dtús, tháinig athrú meoin orthu nuair a cuireadh na ceannairí chun báis i mBaile Átha Cliath. Is féidir breathnú ar na miontuairiscí i rannóg na Cartlainne ar láithreán gréasáin na Comhairle.

*Roinnt de na cartlanna de chuid Chumann Altranais Chlub Sláinte Fhánada, a ndearnadh digitiú orthu agus ar foilsíodh ar líne iad in 2017*
Grianghraf: Seirbhís Cartlainne

# Éire Ildánach

Tá an Cartlannaí ar dhuine d'Fhoireann Cultúir Éire Ildánach de chuid Dhún na nGall, agus chríochnaigh an té sin dhá thionscadal faoi bhrat Éire Ildánach 2017, a ndearna Éire Ildánach féin páirtmhaoiniú ar cheann acu. Is éard a bhí sa tionscadal sin caomhnú a dhéanamh ar dhá imleabhar i mbailiúchán Chartlann an Chontae, cinn leochaileacha a raibh damáiste déanta dóibh – leabhair chuairteoirí Óstán Ghaoth Dobhair (1842 – 1874). Sna cláir sin tá nótaí tráchta, dánta, gearrchuntais agus tráchtais spreagúla a chum cuairteoirí, ina bhfuil trácht ar an óstán féin agus ar an saol faoin tuath i nGaoth Dobhair, áit a raibh feabhsúcháin talún conspóideacha ar bun an tráth sin ag an Tiarna George Hill.  Ba é an tionscadal eile ná dhá bhailiúchán a dhigitiú agus a fhoilsiú ar líne – *The Fanad Health Club*, Cumann Altranais Dúiche ó na 1930í, agus Tráchtas ón bhliain 1940 le Patrick O'Neill, dar teideal *A Social and Cultural Study of Crofter Life on the West Donegal Seaboard*.



*Leabhar Cuairteoirí Óstán Ghaoth Dobhair, sula ndearnadh caomhnú air*
Grianghraf: The Ox Bindery



*Leabhar Cuairteoirí Óstán Ghaoth Dobhair, tar éis do The Ox Bindery obair chaomhnaithe a dhéanamh air i gcomhair na Seirbhíse Cartlainne, obair a bhí páirtmhaoinithe ag Éire Ildánach*
Grianghraf: The Ox Bindery

## Féilte agus Imeachtaí

Ghlac an tSeirbhís Cartlainne, i gcomhar leis an Mhúsaem Contae, páirt i bhféile na Bealtaine le cuimhní cinn ag ionaid lae agus seisiúin i Leitir Ceanainn, i bhFánaid, sa Charraig agus i mBun Cranncha ina measc. Cuireadh *A Trek through Time* ar taispeáint sa Mhúsaem Contae i gcomhair Sheachtain na hOidhreachta agus na hOíche Cultúir.

Bhí an tSeirbhís Cartlainne ag obair i gcomhar leis an Mhúsaem Contae ar an mhórthaispeántas *A Vanished World: The Landed Gentry of Co. Donegal*, a seoladh i mí Mheán Fómhair sa Mhúsaem Contae. Ina theannta sin, chuaigh an tSeirbhís Cartlainne i gcomhpháirtíocht le hOifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus leis an Mhúsaem Contae maidir leis an taispeántas *In Search of the Donegal Vernacular Cottage*.

## Fáil agus Próiseáil

Fuair Cartlann an Chontae roinnt bailiúcháin chartlainne shuntasacha in 2017. Áiríodh orthu sin cuid de Bhailiúchán Ginealais Uí Dhomhnaill ó Sheanteach na Cúirte i Leifear; taifid scoile i leith Scoil Náisiúnta Naomh Buadáin, Scoil Náisiúnta Gaoth Dobhair agus Scoil Náisiúnta Dhún Fionnachaidh; Clár Reilig Bhaile Suingean; léarscáileanna ón bhliain 1837 de Bharúntacht Ráth Bhoth; bailiúchán an Athar Jackie Fitzgerald; comhfhreagras maidir le haerárthach míleata a thuairteáil i gCo. Dhún na nGall; páipéir de chuid Robert Moore, Cléireach Aontas Inis Eoghain; taifid iarnróid; agus mórleabhar ón 18ú haois i leith Dhrioglann Park, Baile Uí Bheaglaoich. Rinneadh iadsan agus cartlanna eile a shórtáil, a chaomhnú agus a chur i gcatalóg in 2017. Rinne mac léinn iarchéime próiseáil ar na páipéir ó eastát Steele Nicholson le linn socrúchán oibre i gCartlann an Chontae.

## Comhairle agus Tacaíocht

I measc na dtaighdeoirí ar tugadh cúnamh dóibh le litir, ar an teileafón, ar an ríomhphost, sna meáin shóisialta agus i seomra taighde na Seirbhíse Cartlainne bhí foireann agus baill den Chomhairle Contae; seirbhísí poiblí eile lena n-áirítear scoileanna, FSS agus TUSLA; mic léinn agus lucht acadúil; ginealeolaithe agus staraithe teaghlaigh agus staraithe áitiúla; grúpaí oidhreachta; taighdeoirí neamhspleácha; léiritheoirí teilifíse agus scannán; scríbhneoirí agus iriseoirí. Le linn 2017, chuidigh an tSeirbhís Cartlainne le baill de chuid an Choimisiúin Fiosrúcháin um Árais Mháithreacha agus Leanaí maidir lena gcuid taighde ag an Chartlann, agus d'éascaigh sí dóibh.

## Bainistíocht Taifead

Rinne an tSeirbhís Cartlainne caomhnú ar thaifid neamhreatha atá ar taisce ag Comhairle Contae Dhún na nGall, agus chuir sí ar fáil don phobal iad, agus rinne sí moltaí maidir le caomhnú cartlann agus maidir le taifid neamhchartlainne de chuid an údaráis áitiúil a dhiúscairt. Déileáladh le ceisteanna maidir le cúrsaí bainistíochta taifid agus rinneadh suirbhé ar thaifid agus cuireadh i dtaisce iad sa stórlann chartlainne. Cheannaigh an cartlannaí tuilleadh seilfeanna cartlainne cruaiche d'Ionad na dTrí Abhainn.



*Eileen Burgess, an Clr. Marie Therese Gallagher (Cathaoirleach Choiste Cuimhneacháin 1916 Dhún na nGall), Niamh Brennan agus an Cathaoirleach, an Clr Terence Slowey, ag seoladh an leagain dhigitithe de mhiontuairiscí cruinnithe ó 1916 de chuid údarás áitiúil Dhún na nGall, an 4 Bealtaine 2017*
Grianghraf: Eugene McCosker

## Nithe suntasacha in 2017

Cuireadh *County Donegal in 1916: From the Edge, History & Heritage Education* pack, ar ullmhaigh an tSeirbhís Cartlainne é i gcomhar leis an Mhúsaem Contae, an Oifig Oidhreachta agus an tSeirbhís Leabharlainne in 2016, ar an ghearrliosta i gcomhair Dhámhachtain Chambers Ireland um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil in 2017.

Rinne an Cartlannaí léirmheas ar leabhar don iris *Archives & Records* (eagrán na bliana 2017) agus rinne agallamh ar RTÉ News at One ar Lá Vailintín maidir le litir Vailintín a fuarthas sa Chartlann.



*Toscairí ó Chomhairle Contae Dhún na nGall ag Dámhachtainí Chambers Ireland um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil i mí na Samhna*
Grianghraf: Joseph Gallagher

# Oifig Oidhreachta

Is é ról Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall feasacht a mhúscailt, comhairle a chur ar dhaoine, sonraí a bhailiú agus an dea-chleachtas a chur chun cinn maidir lenár n-oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha. Déanann sí maoirseacht ar chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta an Chontae i gcomhpháirtíocht leis an Fhóram Oidhreachta Contae.





*Roghnaíodh Caisleán Chill Bharrainn, séadchomhartha seandálaíochta in aice le Ros Neamhlach, i measc seacht láithreán oidhreachta Éireannacha chun páirt a ghlacadh i Scéim 'Adopt-a-Monument' na Comhairle Oidhreachta in 2017*
Grianghraf: Joseph Gallagher



# An Oidhreacht Thógtha

D’fhreastail breis agus 120 duine ar Scoil Samhraidh Trasteorann na hOidhreachta Tógtha, *Conservation without Frontiers*, i gCo. Dhún na nGall, i gCo. Dhoire agus i gCo. Thír Eoghain ón 7 – 10 Meitheamh. Is iad Cumann Oidhreachta Ailtireachta Uladh agus Cumann Seoirseach na hÉireann a d’eagraigh an t-imeacht, i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSratha Báin agus leis an Chomhairle Oidhreachta. Ba é cuspóir na Scoile Samhraidh ná spreagadh a thabhairt i leith chaomhnú agus chur chun cinn na hoidhreachta tógtha in Oirthuaisceart Uladh, agus a hathbheochan faoi threoir na hoidhreachta, agus reáchtáladh cuir i láthair, turais allamuigh, taispeántais scileanna tógála traidisiúnta agus imeachtaí sóisialta mar chuid di. Ag obair di i gcomhar leis an Mhúsaem Contae, leis an Ionad Cultúrtha Réigiúnach, le Cartlann an Chontae agus le Féile Ealaíne an Earagail, léirigh an Oifig Oidhreachta an taispeántas *In Search of the Donegal Vernacular Cottage*, a ndearna sí féin coimeádaíocht air freisin. Baineadh leas as grianghraif, léaráidí agus líníochtaí ó bhailiúcháin áitiúla agus cinn náisiúnta chun foirmeacha agus gnéithe sainiúla theachín dúchasach Dhún na nGall a chur i láthair. Bhí an taispeántas ar siúl sa Mhúsaem Contae (7 Meitheamh – 2 Meán Fómhair) agus sa Ghailearaí i nDoire Beag (ón 13 Samhain). D’fhreastail thart ar 60 duine ar an tsiúlóid threoraithe tríd an taispeántas i mí Iúil faoi stiúir Greg Stevenson agus Joseph Gallagher, comhúdair an leabhair *Traditional Cottages of County Donegal.*



*Seamus Ó hEochaidh ag cur díon tuí ar theachín i Rann na Cille, Teileann i ndeireadh na 1930í. Bhí an líonra casta rópaí (nó eangacha iascaireachta i roinnt áiteanna ar an chósta) a úsáideadh chun an tuí a dhaingniú ceangailte le clocha (bacáin) a bhí ag gobadh amach ón sceimheal agus ón mbinn*
Grianghraf: Seirbhís Cartlainne





# Feidhmiú an Phlean Oidhreachta

Fuair Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, maoiniú meaitseála €27,000 ón Chomhairle Oidhreachta chun gníomhaíochtaí Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall a chur chun feidhme in 2017. Coimisiúnaíodh Staidéar ar Thornóga Aoil i gContae Dhún na nGall ina ndearnadh cur síos ar a gcuid foirmeacha, inar breacadh síos cás-staidéir shainithe, inar cuireadh béim ar shaincheisteanna caomhnaithe agus faoinar ullmhaíodh an dréacht-téacs i gcomhair leabhrán léirithe. Choimisiúnaigh an Oifig Oidhreachta leabhrán faoi Bhailiúchán Lámhscríbhinní na Scoileanna ó na 1930í i gContae Dhún na nGall. I gcomhar leis an Chomhairle Oidhreachta, sheol an Oifig Oidhreachta iniúchadh ar thaifeadtaí stairsheanchais ó Chontae Dhún na nGall i mí na Bealtaine, agus aithníodh breis agus 4,000 taifead stairsheanchais ó 57 bailiúchán. Chomh maith leis sin, d'eagraigh sí Ceardlann Oiliúna lae faoin Stairsheanchas, faoi stiúir an Dochtúra Arlene Crampsie, geografaí, agus an Dochtúra Tomás Mac Conmara, staraí seanchais, i Leitir Ceanainn i mí na Bealtaine, inar múineadh scileanna tábhachtacha do na rannpháirtithe maidir le taighde a dhéanamh i gcomhair agallaimh stairsheanchais, ullmhú ina gcomhair agus iad a reáchtáil.

*An tuíodóir Brian Lafferty agus tuíodóireacht rópa á mhíniú aige i dTeachín an Scuitseálaí sa Mhuileann Úr do dhaoine a ghlac páirt sa scoil samhraidh 'Conservation without Frontiers' Tá an teachín á chaomhnú ag Oifig na nOibreacha Poiblí mar chuid de Mhuilte Gráin agus Lín an Mhuilinn Úir, Séadchomhartha Náisiúnta atá faoi chúram an stáit*
Grianghraf: Joseph Gallagher

## Tionscnaimh Oidhreachta Náisiúnta

Is iad an Chomhairle Oidhreachta agus Oifigigh Oidhreachta de chuid na nÚdarás Áitiúil a rinne comhordú ar an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta, faoin téama *It's in Your Nature*. D'éirigh thar cionn leis agus ba é Contae Dhún na nGall an contae ina raibh an líon ba mhó imeachtaí in aghaidh an duine ar siúl i gcomhair na Seachtaine Oidhreachta – breis is 124 imeacht san iomlán. Chuir an Oifig Oidhreachta le chéile Treoir Imeachtaí Chontae Dhún na nGall i gcomhair Sheachtain na hOidhreachta, leabhrán póca saor in aisce a raibh an-éileamh air. Rinne Oifigí Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil agus Oifigí Bithéagsúlachta urraíocht ar Ghradam Pailneoirí na nÚdarás Áitiúil mar chuid de chomórtas na mBailte Slachtmhara chun grúpaí áitiúla a spreagadh ionas go ndéanfaidís bearta atá báúil do phailneoirí ina gcuid bailte agus sráidbhailte mar chuid den Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Bhuaigh Coiste Bailte Slachtmhara Bhun Cranncha an duais réigiúnach do Réigiún an Iarthuaiscirt agus an Iarthair i gCatagóir na mBailte Móra i mí Mheán Fómhair.



*Éanna Ní Lamhna, éiceolaí, údar agus craoltóir, agus iniúchadh á dhéanamh aici ar ghnáthóg foraoise le leanaí bunscoile agus múinteoirí mar chuid de na ceardlanna faoi Ghnáthóga Cruthaitheacha a d'eagraigh Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus Seirbhís Leabharlainne an Chontae don fhéile Wainfest*
Grianghraf: Paul McGuckin




## Oideachas faoin Oidhreacht Nádúrtha

D'eagraigh Ionad Oideachais Dhún na nGall, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Iascaigh Intíre Éireann, Nature North West agus an Oifig Oidhreachta Cúrsa FGL, *Learning Through The Landscape*, do Mhúinteoirí Bunscoile i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha i mí Iúil. Mar chuid den Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair, d'óstáil an Oifig Oidhreachta siúlóid threoraithe ar an fhiadhúlra a mhaireann faoi bhláth i dtimpeallacht thógtha Leitir Ceanainn, i gcuideachta Aengus Kennedy, Nature North West. I gcomhar leis an tSeirbhís Leabharlainne, rinne an Oifig Oidhreachta urraíocht ar Éanna Ní Lamhna, éiceolaí, údar agus craoltóir, chun cúig cheardlann *Creative Habitats* a thabhairt do leanaí le linn Wainfest i mí Dheireadh Fómhair. I gcomhar le hIonad Oideachais Dhún na nGall agus leis an Chomhairle Oidhreachta, sheol an Oifig Oidhreachta Treoir do Mhúinteoirí le Billy Flynn agus Éanna Ní Lamhna i mí Dheireadh Fómhair. *Heritage & Habitat in Your Community* is ainm don treoir. Bhí sí dírithe ar fheasacht daoine a mhúscailt maidir le gnáthóga nádúrtha agus a spreagadh go ndéanfaí suirbhéireacht agus taifeadadh ar ghnáthóga. Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall cuid den mhaoiniú ar fáil do Bat Conservation Ireland don tionscadal *Batlas 2020* dá chuid, chun tacú le cruthú tacair sonraí léarscáilíochta GIS i leith Dhún na nGall, le cúrsa oiliúna faoi shuirbhéanna ar ialtóga agus le hoíche shuirbhé.

## Comhairle agus Cúnamh Oidhreachta

Chuir an Oifig Oidhreachta comhairle ar iarratasóirí ar an Scéim Deontas Oidhreachta Pobail, an Scéim Deontas Caomhantais Dín Tuí, an Scéim Deontas d'Fhoirgnimh Thraidisiúnta Feirme, an Scéim *Adopt-a-Monument* agus deontais oidhreachta tógtha eile. Chuir an Oifig Oidhreachta tacaíocht ar fáil d'Fhéile Cloch Tír Chonaill i nGleann Cholmcille i mí an Mheithimh, a d'eagraigh Cumann Claíocha Cloiche na hÉireann le haghaidh claí cloiche a dheisiú, don taispeántas *Stone Age Tools* i gClub Gailf an Chaisleáin Nua i mí Lúnasa, don Scoil Scairte *Last Train to Bundoran* de chuid History Ireland i mBun Dobhráin i mí Mheán Fómhair agus don deireadh seachtaine *The Warp & Weft of Heritage* in Ard an Rátha i mí Dheireadh Fómhair. Mar chuid den chlár Éire Ildánach, rinne Tógra Fiontar agus Cultúr Uladh agus an Oifig Oidhreachta maoirseacht ar dheisiú a rinne Conservation Letterfrack ar chathaoir thraidisiúnta adhmaid agus súgáin ó Theach Mhicí Mhic Gabhann. Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall cuid den mhaoiniú ar fáil don chuideachta County Donegal Railway Restoration Limited chun *Donegal Railway Diary*, le Michael Bunch, a fhoilsiú.



# Clár Céad Bliain Éire 1916:2016

Cuireadh clabhsúir leis an chlár áitiúil le seoladh an tséadchomhartha cuimhneacháin i mí an Mhárta agus le seoladh na miontuairiscí digitithe ó 1916 i mí na Bealtaine 2017. Tionóladh cruinniú deiridh an choiste áitiúil freisin i mí na Bealtaine.

*An tEalaíontóir Brian Connolly ag nochtadh oifigiúil 'History Table: Elevation', séadchomhartha nua i gcuimhne 1916, sa Chearnóg i Leifear*
Grianghraf: Paul McGuckin

## History Table: Elevation

Nochtadh séadchomhartha nua i gcuimhne 1916 i Leifear ar an 27 Márta. Is í Comhairle Contae Dhún na nGall a choimisiúnaigh an séadchomhartha ón ealaíontóir Brian Connolly, a bhfuil cónaí air i gCo. Aontroma agus a bhfuil clú agus cáil air sa tír seo agus thar lear.

Tosaíonn an saothar ealaíne le píosa troscáin tí ar furasta é a aithint agus déantar é a shamhlú as an nua mar fhoirm shiombalach. Is é an bord cistine lár an tí, as a n-eascraíonn go leor smaointe agus ag a ndéantar pleananna. Is é lár shaol an teaghlaigh é agus tá seanaithne ag muintir na hÉireann air mar ghné dá saol. Tá an coincheap bunaithe ar shaothar taibhealaíne a rinne an t-ealaíontóir i bPríosún Chill Mhaighneann mar chuid den chlár cuimhneacháin 1916:2016, agus rinne sé buansaothar cuimhneacháin de ina dhiaidh sin lena shuiteáil i Leifear.

Is éard atá sa dealbh go bunúsach ná bord cistine agus é ardaithe anuas ar chraobhacha coill bharrscoite. Rinneadh gach gné de a theilgean i gcré-umha. Tá sliocht ó Fhorógra 1916 ag gabháil trí bharr an bhoird. Féadfar féachaint ar an téacs óna bhun. Tá an saothar ealaíne in ainm is a bheith ina áirse, ina thairseach agus ina cheangal idir an t-am atá caite, an lá inniu agus an t-am atá le teacht.

Tá sé ar taispeáint sa Chearnóg i Leifear, príomhchathair riaracháin an chontae agus áit a bhfuil oifigí Chomhairle Contae Dhún na nGall. Laistigh de limistéar na Cearnóige i Leifear atá na hoifigí sin agus os a gcomhair amach tá Teach Cúirte Leifir, foirgneamh stairiúil a dhear Michael Priestley in 1746. Is sa Chearnóg atá an saothar ealaíne féin, idir Fhoirgnimh an Chontae agus Teach Cúirte Leifir.

Dúirt Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall, an Clr Terence Slowey, "tá an-áthas orainn an saothar iontach ealaíne poiblí seo a nochtadh sa Chearnóg i Leifear. Le Clár Cuimhneacháin Éire 1916, bhí deis is annamh againn gníomhaíochtaí stairiúla, cultúrtha agus ealaíne éagsúla a bheartú agus gabháil dóibh. Thug sé an seans dúinn machnamh a dhéanamh, cuimhneamh ar an am atá caite, díospóireacht agus anailís a dhéanamh agus an saol atá romhainn a shamhlú as an nua. Leis an saothar ealaíne poiblí seo, cuimsítear téamaí an chláir cuimhneacháin seo agus bainfidh na glúine atá le teacht sult as – ní díreach muintir Leifir amháin ach muintir uile Dhún na nGall."

Tá ainm Brian Connolly in airde mar chleachtóir i réimse na healaíne poiblí sa tír seo le breis agus 25 bliain anuas. Saothair *choibhneasta* is ea a lán den mhéid a chruthaíonn sé, is é sin go mbíonn na píosaí ealaíne dírithe ar an phobal agus go mbaineann siad le háit nó comhthéacs ar leith, agus is é is cuspóir leo daoine a mhealladh ionas go mbeidh siad ina rannpháirtithe seachas díreach a bheith ina lucht féachana. Tá saothair thaibhealaíne cruthaithe aige ar fud an domhain, san Eoraip, i gCeanada, i Meicsiceo, agus sa tSín, chomh maith le taispeántais ar fud na hEorpa.



*An Clr Marie Therese Gallagher, Cathaoirleach, Coiste Éire 2016 Dhún na nGall, agus an Cathaoirleach, an Clr Terence Slowey leis an Phríomhfheidhmeannach Seamus Neely agus aíonna eile ag nochtadh oifigiúil 'History Table: Elevation', séadchomhartha nua i gcuimhne 1916, sa Chearnóg i Leifear*
Grianghraf: Paul McGuckin

# Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| AE | An tAontas Eorpach |
| BASE | Ionad Fíontraíochta Bealach Féich agus Sraith an Urláir |
| CCS | Clár Críochnaithe Scolaíochta (An Roinn Oideachais agus Scileanna) |
| CFRE | Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa |
| CINE | Culture In a Northern Environment |
| CLG | Cumann Lúthchleas Gael |
| Clr | Comhairleoir (de chuid Chontae Dhún na nGall) |
| EAF | Féile Ealaíon an Earagail |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| GIS | Córas Faisnéise Geografaí |
| NI | Tuaisceart Éireann |
| OFA | Oifig Fiontair Áitiúil |
| OOP | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| RCC | An tIonad Cultúrtha Réigiúnach |
| Read DL | Read Donegal (tionscadal léitheoireachta pobail) |
| RFID | Aitheantas Radaimhinicíochta |
| RTÉ | Raidió Teilifís Éireann (craoltóir náisiúnta) |
| TBSP | Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (An Roinn Oideachais agus Scileanna) |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide |
| TUSLA | An Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh |
| VC | Cros Victoria |